



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preasráiteas Press Statement

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2016

Dáta Foilsithe: Déardaoin, 20 Deireadh Fómhair 2016

An mó pósadh comhghnéis agus páirtnéireacht shibhialta a tharla i 2015?

Ar mhéadaigh nó ar laghdaigh ar an daonra idir 1841 agus 2016?

An bhfuil an daonra ag dul in aois?

An bhfuiltear ag cur lenár bhfad saoil?

An mó teach saoire atá folamh i 2016?

An mó lá oibre a cailleadh de dheasca stailceanna i 2015?

An bhfuil puinn teaghlaigh ag a bhfuil ceangal idirlín leathanbhanda?

Ar imigh an dúil a bhíodh i gcártaí creidmheasa i léig?

An mó feithicil nua a ceadaíodh don chéad uair sa chontae agatsa le linn 2015?

Gheofar freagraí na gceisteanna úd agus mórán eile i [mBliainiris Staidrimh na hÉireann 2016](#) a d'fhoilsigh An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) inniu. Sa Bhliainiris tá léiriú ar staidrimh na hÉireann a bunaíodh go príomha ar na sonraí a d'fhoilsigh an CSO don bhliain iomlán seo caite (2015).

Is i bhformáid leictreonach amháin atá an iris, rud a chuireann le hidirghníomhaíocht agus le rochtain saoráideach ar mhionsonraí nuair is gá. San eagrán seo freisin tá eolas ar Dhaonáireamh 2016.

Is mian leis an CSO buíochas a ghabháil le cách a chuir leis an bhfoilseachán seo, go háirithe ár soláthróirí sonraí, ní fhéadfaí na gnóthaí a dhéanamh gan iad a bheith ag comhoibriú linn.

I gcomhar tuilleadh eolais:

Déan teagmháil le Elaine O'Mahoney ar (teil) 087-1308799 nó ar ríomhphost chuig eolas@cso.ie.

– CRÍOCH –



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RA/TÉ)
+353 21 453 5000



+353 21 453 5555


eolas@cso.ie
www.cso.ie

Príomhphointí d'Eagarthóirí

Daoine

- ◆ Tharla 22,116 pósadh i 2015, san áireamh bhí 91 pósadh comhghnéis.
- ◆ Tharla 376 searmanas um pháirtnéireacht shibhialta i 2015, 250 fireann agus 126 baineann.
- ◆ Cláraíodh 65,909 breith i 2015, 1,553 faoi bhun figiúr 2014 agus 9,265 faoi bhun figiúr 2010.
- ◆ Rugadh 224 leanbh do mháthair a bhí os cionn 45 bliana d'aois.
- ◆ Mar is léir ó athruithe ar an daonra measta os cionn 65 i 2016, a léiríonn méadú 21.4% ó 2010, táthar ag cur lenár bhfad saoil.
- ◆ De réir Daonáireamh 2016, tháinig méadú 169,724 duine nó 3.6% ar an líon daonra. Is i Laighean a bhí an méadú ba mhó mar 125,906 duine nó 5% agus bhí an méadú ba lú in Ulaidh mar 0.4% nó 1,317 duine.

2.3 Daonra measta de réir inscne agus aoisghrúpa, 2016



Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann


- ◆ I mí Aibreáin 2016 bhí 2,022,895 buanaonad cónaithe nó aonad tithíochta sa Stát. Orthusan, daoine a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát a bhí i 1,718,465 díobh, a ionna nó cuairteoirí a bhí i 304,430.
- ◆ Ar an iomlán rangáíodh 61,204 aonad tithíochta mar thithe fholmha saoire. Tithe agus árasáin fholmha ab ea an fuilleach 198,358.
- ◆ I 2009 bhí 275,000 duine dífhostaithe i gcomparáid le 254,500 i 2014 agus 211,200 i 2015. Tháinig laghdú 17.0% ar an líon dífhostaithe idir 2014 agus 2015.
- ◆ I 2015 bhí 56,800 duine sa bhreis ar fhigiúr 2014 ag obair go lánaimseartha.
- ◆ Le linn 2015 cailleadh 32,964 lá de dheasca aighneas tionsclaíoch, i gcomparáid le 44,015 lá i 2014 agus 14,965 lá i 2013.

Sochaí

- ◆ Taifeadadh 62 coir dúnbhásmhar i 2015, an líon ab ísle le 13 bliain anuas.
- ◆ Mar chomparáid idir coireanna taifeadta idir 2014 agus 2015, tháinig laghdú ar Bhuirgléireacht agus coireanna gaolmhara (27,635 go 26,259), agus ar Ghoid agus coireanna gaolmhara (77,697 go 75,896). Bhí méadú ar Chaimiléireacht, cluain agus coireanna gaolmhara (5,178 go 5,588) agus Coireanna gnéis (2,053 go 2,356).
- ◆ Meastar go raibh rochtain idirlín ag 90% de theaghlaigh i réigiún Bhaile Átha Cliath i gcéad ráithe 2015. I gcontráthacht, luaigh 79% de theaghlaigh i réigiún an Iarthair go raibh an rochtain acu le linn na tréimhse céanna.
- ◆ Sa bhliain acadúil 2015/16, rinne 118,713 dalta dara leibhéal scrúdú (59,998 fireann agus 58,715 bainneann). Rinne 58,466 dalta an Ardteistiméireacht, méadú 0.9% ar 2014/15.

Gnó


9.1 Fiontair den AE a úsáideann meáin shóisialta, 2015



Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ◆ I 2015, maidir le fiontair ag baint leas as na meáin shóisialta, bhí Éire ag 64% sa dara háit san AE-28. Bhí an céatadán ab airde 72 % ag Málta. Ba é 39% an meán san AE.

12.1 Líon na dtithe & árasán dár deonáíodh ceadúnas pleanála




Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ◆ I 2015, tháinig méadú bliantúil 54.7% ar cheadanna pleanála deonaithe do thithe agus méadú bliantúil 255.9% ar cheadanna pleanála deonaithe d'árasáin.
- ◆ I 2015, tháinig méadú 8.2% ar an suim díolachán miondíola sna gnóthaí ar fad i gcomparáid le 2014, tháinig méadú 18.0% ar an suim díolachán miondíola ag lucht Mótair.
- ◆ Mhéadaigh Táirgeadh Tionsclaíoch 38.5% i 2015. Tharla méadú 5.1% san earnáil Táirgí Bia agus Dí agus bhí laghdú 17.8% ar Mhianadóireacht agus Cairéalacht.

Geilleagar

- ◆ Bhí méadú 18.7% ar an Olltáirgeadh Náisiúnta (GNP) i bpraghsanna buan idir 2014 agus 2015. Bhí méadú 26.3% ar an Olltáirgeadh Intíre (GDP) don tréimhse chéanna.
- ◆ I 2015, bhí 1,884,000 cárta creidmheasa in eisiúint is iad ag iompú fiacha €1.96 billiún. B'shin laghdú 10.8% ar fhiigiúr 2014.
- ◆ I 2015, laghdaigh ar an méid a bhí amuigh ag bainc na hÉireann ar theaghlaigh agus ba é €91.9bn an figiúr ag deireadh bliana, i gcomparáid le €96.9bn i 2014.
- ◆ Bhí méadú 3.6% ar thaiscí ag teaghlaigh ó €91.4bn go €94.7bn idir 2014 agus 2015.
- ◆ Tháinig méadú 21% ar luach onnmhairí i 2015 i gcomparáid le 2014, agus mhéadaigh allmhairí 13% sa tréimhse chéanna. Taifeadadh an leibhéal ab airde riamh onnmhairí agus allmhairí i 2015.
- ◆ Ar bhonn iomlán bhain €59,770 milliún nó 53% d'iomlán na n-earraí a onnmhairíodh i 2015 leis an AE. Ba iad an Bhreatain Mhór agus An Bheilg an dá mhargadh onnmhairithe AE ba mhó agus bhain 12% agus 13% den iomlán a onnmhairíodh leo faoi seach.
- ◆ Lasmuigh den AE is go Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) ba mhó a seoladh onnmhairí agus bhain 24% den iomlán a onnmhairíodh le SAM.
- ◆ Ó 2012 go 2015, d'fhan luach ár n-allmhairí ón AE ag figiúr thart ar 60% den iomlán. Is ón Bhreatain Mhór a tháinig an sciar ba mhó dár gcuid allmhairí i 2015 agus b'shin 24% den iomlán a allmhairíodh.


16.5 Innéacs um Phraghsanna Réadmhaoine Cónaithe



Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ◆ Léirigh an tInnéacs um Phraghsanna Réadmhaoine Cónaithe an méadú bliantúil ba mhó riamh idir 2005 agus 2006 (+14.9%) agus an laghdú bliantúil ba mhó riamh idir 2008 agus 2009 (19.1%). Tháinig méadú 30.7%, áfach, ar an innéacs náisiúnta faoin mbliain 2015 ón bhfigiúr ab ísle i 2012.


17.1 Meán-tuilleamh seachtainiúil de réir earnáil gheilleagrach, C4 2014 - C4 2015



Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ◆ Le linn R4 2015 shín an meánioncam seachtainiúil sna príomhearnálacha geilleagracha idir figiúr ard mar €1,070.55 san earnáil Eolas agus cumarsáid agus figiúr íseal mar €327.13 san earnáil Gníomhaíochtaí cóiríocht agus seirbhísí bia.

17.3 Meán-tuilleamh iomlán bliantúil de réir chatagóir agus earnáil gheilleagrach, 2014 - 2015




Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ◆ Bhí méadú i 2015 ar an meánioncam bliantúil laistigh de 9 gcinn de na 13 earnála geilleagrach. Ba san earnáil Eolas agus cumarsáid ba mhó a tharla méadú ag 4.7% agus mhéadaigh an meánioncam bliantúil ó €53,443 go €55,976.
- ◆ Ba é €45,075 an meánioncam bliantúil d'fhostaithe lánaimseartha i 2015 agus thuill fostaithe páirtaimseartha €16,332 ar an meán i rith na bliana.

Turasóireacht & Iompar

18.1 Líon turais isteach go hÉirinn de réir Ceantar Cónaithe





Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ♦ I 2015, rinne neamhchónaitheoirí 8.6 milliún turas thar sáile go hÉirinn i gcomparáid le 7.6 milliún turas i 2014, b'shin méadú 13.7%. Rinne cónaitheoirí ón mBreatain Mhór breis is 3.5 milliún turas go hÉirinn le linn 2015, b'shin méadú 383,000 turas (12.1%) i gcomparáid le 2014.
- ♦ Tháinig méadú 677,000 go 4.0 milliún ar an líon turas thar sáile go hÉirinn ar son saoire/fóillíocht/ caitheamh aimsire idir 2014 and 2015, b'shin méadú 20.4%.
- ♦ I 2015, ghabh 29.7 milliún paisinéir trí na cúig phríomhaerfort in Éirinn, méadú 12.5% ar an mbliain roimhe sin. Pléadh le nach mór 232,000 eitiltí tráchtála sna cúig phríomhaerfort in Éirinn i 2015. Bhain 81.5% d'iomlán na n-eitiltí (188,800) le Baile Átha Cliath, phléigh Corcaigh le 7.7% den iomlán (17,900).

19.2 Cé mhéad feithiclí nua ar ceadúnaíodh i do chontae den chéad uair le linn 2015?

Feithiclí a ceadúnaíodh den chéad uair



Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

- ♦ Ceadaíodh 121,110 gluaisteán nua príobháideach i 2015, méadú 31.1% i gcomparáid le 2014. B'shin an líon ab airde gluaisteán nua a ceadaíodh ó 2008 i leith.
- ♦ I 2015, ba iad Comhairlí Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath a cheadaigh 35.1% (54,021) de na feithiclí nua ar fad (153,850) den chéad uair. Anuas air sin, ceadaíodh 12.3% (18,964) in údarás ceadúnaithe Chorcaí.

Talmhaíocht

- ♦ I 2015 ar an iomlán bhí 291,000 heicteár faoi ghránbharraí (cruithneacht, coirce agus eorna) i gcomparáid le 856,000 heicteár i 1855. In 1855, coirce ab ea 71% de na ghránbharraí ag fás. Faoi 2015, áfach, tháinig laghdú go beagán faoi bhun 8% air sin agus ina ionad, eorna ab ea 70% den limistéar faoi ghránbharraí.
- ♦ I 2015 ní raibh ach limistéar 9,000 heicteár faoi phrátaí i gcomparáid le 309,000 heicteár in 1855.
- ♦ Mhéadaigh ar líon na mbeithíoch ar bhonn leanúnach ó 1855 i leith, ó 2.85 milliún go dtí buaic 7.64 milliún i 1998. Is é 6.96 milliún beithíoch an figiúr do 2015.
- ♦ Tháinig laghdú nach mór 5% ó 2014 ar an líon beithíoch a maraíodh i 2015 ach bhí méadú 6% ar an líon muc a maraíodh. Beithígh ab ea 21.5% den stoc a maraíodh i 2015, caoirigh 36.7% agus muca 41.8%.